Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Meán Fómhair 2024**
**(OR. en)**

**13746/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0370(COD)**

**CODEC 1839**
**COMPET 952**
**BETREG 27**
**ENT 181**
**MI 812**
**PECHE 371**
**PE 221**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7211/24 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013, Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais tuairiscithe áirithe<br>– An toradh ar an gcéad léamh agus ar an nós imeachta ceartúcháin i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 28 Feabhra 2024 agus an 17 Meán Fómhair 2024) |

## I. RÉAMHRÁ

Bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d’fhonn teacht ar chomhaontú faoin gcomhad reachtach sin ar an gcéad léamh.

Measadh go rachadh an comhad sin[1] faoi réir an nós imeachta ceartúcháin[2] i bParlaimint na hEorpa tar éis do Pharlaimint na hEorpa a bhí ann roimhe seo an seasamh uaithi a ghlacadh ar an gcéad léamh.

[1] 10819/24+ COR 1.
[2] Riail 251, Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa.

## II. VÓTÁIL

Ag an gcruinniú a bhí aici an 28 Feabhra 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh, lenar glacadh ceannas ar an togra ón gCoimisiún (gan athbhreithniú dlítheangeolaíoch), agus rún reachtach. Léirítear ann an méid a comhaontaíodh go sealadach idir na hinstitiúidí roimhe sin.

An 17 Meán Fómhair 2024, tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur ar an téacs a glacadh, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa ceartúchán ar an seasamh a glacadh ar an gcéad léamh.

Faoi chuimsiú an cheartúcháin sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas faoi mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, rud a thabharfadh an chéad léamh chun deiridh i gcás an dá institiúid.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

## P9_TA(2024)0103

## Ceanglais tuairiscithe

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Feabhra 2024 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013, Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais tuairiscithe áirithe (COM(2023)0643 – C9-0388/2023 – 2023/0370(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0643),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagail 43(2) agus 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0388/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 13 Nollaig 2023[1],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0009/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh, lena nglacann sí ceannas ar thogra an Choimisiúin;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

**P9_TC1-COD(2023)0370**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 28 Feabhra 2024 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1379/2013, (AE) Uimh. 167/2013 agus (AE) Uimh. 168/2013 maidir le ceanglais tuairiscithe áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) agus Airteagal 114 de,

Ag féachaint do thogra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

[1] IO C, C/2024/1587, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1587/oj

[2] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Feabhra 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an ….

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe chun faireachán cuí ar an reachtaíocht agus forfheidhmiú ceart ghníomhartha dlí an Aontais a áirithiú. Tá sé tábhachtach, áfach, ceanglais den sórt sin a chuíchóiriú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad an cuspóir dár beartaíodh iad agus chun an t-ualach riaracháin a theorannú.

(2) Dá bhrí sin, is tosaíocht é oibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú agus an t-ualach riaracháin a laghdú. I Rialacháin (AE) Uimh. 1379/2013[1], (AE) Uimh. 167/2013[2] agus (AE) Uimh. 168/2013[3] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle tá roinnt ceanglas tuairiscithe i réimsí na gcaighdeán margaíochta agus an fhaireachais margaidh ar cheart iad a shimpliú i gcomhréir le teachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Márta 2023 dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais Eorpaigh: níos faide ar aghaidh ná 2030".

(3) Leis an Rialachán seo, déantar ceanglais tuairiscithe a dhíchur agus a shimpliú nach meastar a bheith riachtanach a thuilleadh i réimse chomheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe agus a dhéanann difear do thionscal na hiascaireachta agus i réimse an chineálcheadaithe agus an fhaireachais margaidh ar fheithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta, ar fheithiclí dhá agus trí roth agus ar chuadrothair.

(4) Le Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013, foráiltear go bhfuil na rialacha lena mbunaítear comhchaighdeáin mhargaíochta, go háirithe na rialacha sin a leagtar síos, *inter alia*, i Rialachán (CE) Uimh. 2406/96ón gComhairle[4] le leanúint d'fheidhm a bheith acu.

(5) Ceanglaítear le hAirteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 2406/96 ar gach Ballstát liosta a sholáthar do na Ballstáit eile agus don Choimisiún d'ainmneacha agus seoltaí na saineolaithe

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 1).

2 Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Feabhra 2013 maidir le formheas agus le faireachas margaidh ar fheithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta (IO L 60, 2.3.2013, lch. 52).

3 Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair (IO L 60, 2.3.2013, lch. 52).

4 Rialachán (CE) Uimh. 2406/96 ón gComhairle an 26 Samhain 1996 lena leagtar síos comhchaighdeáin mhargaíochta maidir le táirgí áirithe iascaigh (IO L 334, 23.12.1996, lch. 1).

agus na n-eagraíochtaí trádála arna gceapadh chun na táirgí iascaigh a ghrádú le haghaidh úire agus méide tráth nach déanaí ná mí amháin roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin, agus na Ballstáit eile agus an Coimisiún a chur ar an eolas ina dhiaidh sin faoi aon leasuithe ar an liosta. Ós rud é go bhfuil an ceanglas sin as dáta agus nach bhfuil sé riachtanach a thuilleadh chun cuspóirí Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 a ghnóthú, níor cheart feidhm a bheith aige a thuilleadh.

(6) Leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 na rialacha maidir le formheas agus faireachas margaidh ar fheithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta.

(7) Ceanglaítear le hAirteagail 74 agus 75 de Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 ar na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi chur i bhfeidhm na nósanna imeachta cineálcheadaithe agus na gceaduithe aonair feithiclí faoi seach, agus ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascálacha a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. In 2022, rinne an Coimisiún staidéar ar na hábhair atá faoi réir na n-oibleagáidí faisnéise agus tuairiscithe sin. Ós rud é gur cinneadh sa staidéar sin go bhfuil na nósanna imeachta cineálcheadaithe agus na ceaduithe aonair feithiclí sásúil, níor cheart feidhm a bheith ag na hoibleagáidí faisnéise agus tuairiscithe sin a thuilleadh.

(8) Leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 na rialacha maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair.

(9) Ceanglaítear le hAirteagail 78 agus 80 de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ar na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi chur i bhfeidhm na nósanna imeachta cineálcheadaithe agus na gceaduithe aonair feithiclí faoi seach, agus ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascálacha a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. In 2022, rinne an Coimisiún staidéar ar na hábhair atá faoi réir na n-oibleagáidí faisnéise agus tuairiscithe sin. Ós rud é gur cinneadh sa staidéar go bhfuil na nósanna imeachta cineálcheadaithe agus na ceaduithe aonair feithiclí sásúil, níor cheart feidhm a bheith ag na hoibleagáidí faisnéise agus tuairiscithe sin a thuilleadh.

(10) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon na ceanglais tuairiscithe a leagtar síos i Rialacháin (AE) Uimh. 1379/2013, (AE) Uimh. 167/2013 agus (AE) Uimh. 168/2013 a chuíchóiriú, a ghnóthú go leordhóthanach ach gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin (AE) Uimh. 1379/2013, (AE) Uimh. 167/2013 agus (AE) Uimh. 168/2013 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013*

In Airteagal 47 de Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Gan dochar do mhír 2, leanfaidh rialacha lena mbunaítear comhchaighdeáin mhargaíochta, go háirithe na rialacha sin a leagtar síos i Rialachán (CEE) Uimh. 2136/89 ón gComhairle*, i Rialachán (CEE) Uimh. 1536/92 ón gComhairle** agus i Rialachán (CE) Uimh. 2406/96 ón gComhairle***, cé is moite d'Airteagal 13 de, d'fheidhm a bheith acu. Maidir le rialacha a glacadh chun comhchaighdeáin mhargaíochta a chur i bhfeidhm, amhail na rialacha a leagtar síos i Rialachán (CEE) Uimh. 3703/85 ón gCoimisiún****, leanfaidh siad d’fheidhm a bheith acu.

---

* Rialachán (CEE) Uimh. 2136/89 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1989 lena leagtar síos comhchaighdeáin mhargaíochta maidir le sairdíní leasaithe agus maidir le tuairiscí trádála le haghaidh sairdíní leasaithe agus táirgí de chineál sairdín (IO L 212, 22.7.1989, lch. 79).

** Rialachán (CE) Uimh. 1536/92 ón gComhairle an 09 Meitheamh 1992 lena leagtar síos comhchaighdeáin mhargaíochta maidir le tuinníní agus boiníótó leasaithe (IO L 163, 17.6.1992, lch. 1).

*** Rialachán (CE) Uimh. 2406/96 ón gComhairle an 26 Samhain 1996 lena leagtar síos comhchaighdeáin mhargaíochta maidir le táirgí áirithe iascaigh (IO L 334, 23.12.1996, lch. 1).

**** Rialachán (CEE) Uimh. 3703/85 ón gCoimisiún an 23 Nollaig 1985 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir leis na comhchaighdeáin mhargaíochta a chur i bhfeidhm maidir le héisc áirithe atá úr nó fuaraithe (IO L 351, 28.12.1985, lch. 63).’.

*Airteagal 2*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 167/2013*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 mar a leanas:

(1) scriostar Airteagal 74;

(2) scriostar Airteagal 75.

*Airteagal 3*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 168/2013*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 mar a leanas:

(1) scriostar Airteagal 78;

(2) scriostar Airteagal 80.

*Airteagal 4*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |